Lúnasa 2026



Uisce Éireann
Irish Water

# Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint

## Bileog Measta Scóipe

# Cuir do thuairimí in iúl

Bíonn bailte beaga agus sráidbhailte ar fud na hÉireann ag brath ar sheirbhísí fuíolluisce gach lá. Tá plean náisiúnta nua á fhorbairt againn chun feabhas a chur ar an dóigh a gcuirfear na seirbhísí sin ar fáil sa todhchaí — agus ba mhaith linn ionchur a fháil uait.

## Glac páirt sa chomhairliúchán

### Cad chuige a bhfuil sin á dhéanamh againn?

Déanfar na nithe seo a leanas le Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce:

- Tacú le tithe, gnólachtaí agus fás áitiúil
- Aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta a chosaint


Cé go bhfuil gach ionad beag, in éineacht le chéile comhdhéanann siad **cuid mhór de bhonneagar fuíolluisce na hÉireann** agus úsáidtear iad i bpobail mórthimpeall na tíre.

Mar sin féin, féadann an dóigh a ndéantar iad a phleanáil agus a uasghrádú faoi láthair a bheith:

- Casta
- Mall
- Mí-oiriúnach uaireanta do dhálaí áitiúla

### Cad iad na dúshláin agus deiseanna?

- **Neamhéifeachtúlachtaí ó chuir chuige deartha shaincheaptha:** Déanfar úsáid dearaí agus sonraíochtaí caighdeánacha a chumasú leis an bPlean.
- **Achair Ama Údaraithe Neamh-inbhuanaithe:** Tacóidh an Plean le seachadadh uasghráduithe ar bhealach níos tráthúla.
- **Tearcinfheistíocht stairiúil:** Luathóidh an Plean seachadadh uasghráduithe i gcásanna ina bhfuil réitigh chaighdeánacha oiriúnach.
- **Éagothroime in ord tosaíochta infheistíochtaí:** Sainaithneoidh an Plean na réimsí ina bhfuil an gá is mó le hinfheistíocht agus neartóidh sé an comhoibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara áitiúla.



# Glac páirt ann

**Ba mhaith linn cloisteáil uait.**

Le do chuid aiseolais, cuideofar le dul i bhfeidhm ar an dóigh a ndéantar seirbhísí fuíolluisce a phleanáil agus a sholáthar i bpobail bheaga.

- Cuir do thuairimí isteach ar líne
- Téigh chuig www.water.ie/smallcommunitiesww
- Déan teagmháil dhíreach linn trí ríomhphost a chur chuig smallcommunitiesww@water.ie nó sa phost chuig:

Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 AF43

**Spriocdháta an Chomhairliúcháin**

Dé Máirt, an 20 Deireadh Fómhair 2026 ag 5i.n

**What happens next?**

- Breathnófar ar do chuid aiseolais
- Forbrófar dréachtphlean náisiúnta
- Beidh comhairliúchán breise ar siúl
- Foilseofar plean deiridh

**Cad atá ag athrú?**

Tá Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce á fhorbairt againn.

Aistreofar é sin ó:

- Cur chuige frithghníomhach, láithreán ar láithreán go
- Cur chuige comhordaithe, náisiúnta arna threorú ag fianaise

**Cad a dhéanfar leis an bplean?**

Déanfar an méid a leanas leis an bplean:

- Cáilíocht an uisce agus an timpeallacht a chosaint
- Áit a bhfuil an gá is mó le huasghráduithe a shainaithint
- Tacú le fás i mbailte agus i sráidbhailte
- Infheistíocht a dhíriú ar áiteanna a mbeidh an tionchar is mó aici
- Cur chuige náisiúnta seasmhach a chur ar fáil

**Cad a bheidh ina thoradh air sin maidir le do phobal féin?**

- Aibhneacha áitiúla, lochanna agus uiscí cósta níos glaine
- Pleanáil níos fearr ar mhaithe le fás amach anseo
- Infheistíocht in áiteanna ina bhfuil an gá is mó léi
- Réitigh atá oiriúnach do dhálaí áitiúla



Tá eolas áitiúil tábhachtach. Beidh do chuid aiseolais ina chuidiú leis an méid a leanas a chinntiú:

- Déanfar na saincheisteanna cearta a shainaithint
- Tá na réitigh oiriúnach
- Tacófar le pobail san am atá le teacht

## Cad é mar a dhéanfar cinntí?

Bainfimid úsáid as na nithe a leanas:

- Sonraí maidir le feidhmíocht agus acmhainn na n-ionad
- Faisnéis ar cháilíocht an uisce áitiúil
- Caighdeáin agus rialacháin maidir leis an timpeallacht.

Cinntítear leis sin go soláthraítear **an tairbhe is mó le hinfheistíocht do phobail agus don timpeallacht.**

## Téarmaí Tagartha an Chomhairliúcháin

**Cuspóir**

Chun aiseolas a bhailiú ar na nithe a leanas:

- Na saincheisteanna is tábhachtaí a théann i bhfeidhm ar sheirbhísí fuíolluisce i bpobail bheaga
- An cur chuige náisiúnta atá molta

**Raon feidhme**

Dírítear an comhairliúchán seo ar:

- An Páipéar Saincheisteanna
- Cineálacha chur chuige straitéiseacha maidir le pleanáil agus uasghrádú

**Ní dhéantar** an méid a leanas leis:

- Cinneadh a dhéanamh ar thionscadail aonair
- Teacht in ionad na bpróiseas measúnaithe pleanála nó timpeallachta

## Conas a úsáidfear do chuid aiseolais

Déanfar an méid a leanas trí do chuid aiseolas:

- Eolas a dhéanamh don dréachtphlean náisiúnta
- Cuidiú le dul i bhfeidhm ar thosaíochtaí agus ar chuir chuige
- Déanfar é a achoimriú agus a thuairisciú go trédhearcach



# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

**Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:**

## Sonraí teagmhála

**Suíomh Gréasáin:**
www.water.ie/smallcommunitiesww

**X:**
@IWCare

Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 AF43

## Eolas cuntais, fiosruithe, soláthar uisce nó éigeandálaí

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Teileafón:**
0818 778 778 nó +353 1 707 2827

**SATÉ:**
1800 378 378 (do chustaiméirí nach bhfuil an éisteacht go maith acu)

## Sonraí Teagmhála Comhairliúcháin

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Ríomhphost:**
smallcommunitiesww@water.ie

**Suíomh Gréasáin:**
www.water.ie/smallcommunitiesww